# SCÉIM CHUN MEASÚNUITHE SÍCEOLAÍOCHTA A ORDÚ (SCPA)

## Treoirlíne do Shíceolaithe SCPA – 2023/2024

**Cuspóir na Scéime**

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)/an Roinn Oideachais (RO) an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) chun cabhrú le seirbhís síceolaíochta a sholáthar do na scoileanna go léir. Soláthraíonn an scéim maoiniú do scoileanna chun measúnuithe síceolaíochta aonair a ordú do scoláirí ó shíceolaithe atá ag obair go príobháideach.

Ní thagann an scéim in ionad na seirbhíse iomláine síceolaíochta oideachais den chineál a sholáthraíonn SNSO. Is beart eatramhach é a bhfuil sé mar chuspóir aige cur le seirbhís SNSO agus freastal ar na riachtanais phráinneacha atá ann faoi láthair i dtaca le measúnú síceolaíochta a dhéanamh ar leanaí agus ar dhaoine óga. Déanann SNSO/RO athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime ar bhonn leanúnach.

**An Painéal Síceolaithe**

Déanann SNSO painéal síceolaithe SCPA a thiomsú. Déantar an liosta a uasdátú ar bhonn rialta agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin RO – Nasc chuig Painéal Reatha de Shíceolaithe SCPA

Ní mór do shíceolaí ar bith atá ag iarraidh a bheith ar phainéal 2023/2024 agus nach raibh mar bhall de phainéal 2022/2023 ***Foirm Iarratais SCPA*** agus ***Foirm Iarratais um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*** a chomhlánú agus tá an dá cheann acu ar fáil ó Bhainisteoir SCPA.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Bainisteoir SCPA ag scpa@education.gov.ie nó sin scríobh chuig:

Bainisteoir SCPA
SNSO (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
An Roinn Oideachais
An Dara hUrlár, an Sciathán Thiar
Foirgneamh Herbert, an Pháirc
Carraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 18.
D18K 8Y4

.

Cuirfear síceolaithe nua le painéal SCPA, mar chleachtóirí príobháideacha, nuair a shásaíonn siad SNSO maidir leis na nithe seo a leanas:

1. Gur Síceolaí Cláraithe nó Cairte iad (nó a chomhionann) agus go bhfuil cúig bliana de thaithí ábhartha, faoi mhaoirseacht acu

   **NÓ**

2. Go bhfuil cáilíocht ghairmiúil iarchéime acu sa tSíceolaíocht Oideachais atá aitheanta ag Cumann Síceolaíochta Éireann (PSI) nó go bhfuil Ráiteas Comhionannais acu nó gur measadh iad a bheith incháilithe chun na critéir do Ráiteas Comhionannais sa tSíceolaíocht Oideachais ó PSI a shásamh

   **NÓ**

3. go bhfuil cáilíocht ghairmiúil iarchéime sa tSíceolaíocht acu, atá aitheanta ag PSI, nó go bhfuil Ráiteas Comhionannais acu nó gur measadh iad a bheith incháilithe chun na critéir do Ráiteas Comhionannais sa réimse seo ó PSI a shásamh chomh maith le dhá bhliain de thaithí ábhartha, faoi mhaoirseacht

   **NÓ**

4. Go raibh siad fostaithe cheana féin mar Shíceolaí Oideachais ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

   **AGUS**

- gur baill le céim iad den chomhlacht gairmiúil cuí (e.g. Cumann Síceolaíochta Éireann (PSI) nó Cumann Síceolaíochta na Breataine (BPS))
- Go mbeidh maoirseacht ghairmiúil chuí á fáil acu don obair a chuireann siad i gcrích mar chuid den Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú.
- go gcloíonn siad le *Cód Eitice Gairmiúla* PSI (2011) agus le *Treoirlínte PSI – Rúndacht agus Coimeád Taifead sa Chleachtas* (2022)
- go bhfuil an próiseas um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích go rathúil acu trí SNSO
- go bhfuil Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (atá ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim) agus Uimhir PSP curtha ar fáil acu
- Go bhfuil an Clár Ríomhfhoghlama 'Réamheolas ar Thús Áite do Leanaí' curtha i gcrích acu agus go nglacann siad lena bhfreagrachtaí mar dhaoine atá faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Ní mór do shíceolaithe a bhí ina mbaill de phainéal 2022/2023 SCPA agus ar mian leo a bheith ina mbaill de scéim 2023/2024 ***Foirm Ghlactha*** a chomhlánú. Seolfar an fhoirm sin chucu ar an bpost roimh oscailt an phainéil i mí Mheán Fómhair 2023. Ní chiallaíonn ballraíocht ar an bpainéal ach amháin go bhfuil an síceolaí incháilithe chun measúnuithe a reáchtáil faoin scéim (ar an gcoinníoll go sásaítear na téarmaí agus coinníollacha riachtanacha) agus chun íocaíocht a fháil i leith measúnuithe den chineál sin. Ní chiallaíonn sé go bhfuiltear i dteideal é sin a dhéanamh.

Tá daoine a thógtar isteach ar phainéal 2023/2024 incháilithe chun measúnuithe faoin scéim a reáchtáil ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá leagtha síos sna Treoirlínte SCPA seo do 2023/2024. Tá sé de dhualgas ar shíceolaithe eolas a chur ar na nósanna imeachta agus ar théarmaí agus coinníollacha na scéime agus cloí leo.

## Nósanna Imeachtaí atá le leanúint ag Síceolaithe maidir le Feidhmiú na Scéime

Ní mór do shíceolaithe cloí leis na nósanna imeachta seo a leanas, mar atá leagtha síos ag SNSO/RO:

- A chinntiú go bhfuil siad cláraithe ar phainéal reatha SCPA (2023-24) sula nglacfaidh siad le hiarraidh ar mheasúnú SCPA ó scoil
- Cineál éigin aitheantais (e.g. Ceadúnas tiomána, pas) a bheith ina seilbh acu nuair atá siad ag reáchtáil measúnuithe faoin scéim. Ina theannta sin, tabharfaidh RO cóip dá nochtadh um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do na síceolaithe go léir atá ar phainéal SCPA.
- Nuair atá measúnuithe faoin scéim á reáchtáil acu, ní mór do shíceolaithe:
  - A chinntiú, sula mbuailfidh siad le scoláire, go bhfuil cóip den fhoirm thoilithe agus den fhoirm atreoraithe (foirm 2) acu agus go bhfuil sí comhlánaithe agus

sínithe ag na tuismitheoirí agus ag an scoil.

  - Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí roimhe sin agus ar thaifid scoile ábhartha.
  - Dul i mbun plé le tuismitheoirí/caomhnóirí sula mbuailfear leis an scoláire chun an measúnú a reáchtáil, lena chinntiú go raibh an toiliú feasach go hiomlán, chun eolas cúlra a phlé agus chun ceisteanna a shoiléiriú, de réir mar is cuí.
  - Tástálacha aonair maidir le cumas cognaíoch agus gnóthachtálacha a reáchtáil chomh maith le seicliostaí iompair cuí de réir mar is gá agus dul i mbun breathnóireachta sa seomra ranga nó sa chlós de réir mar is gá nó is cuí. (Nóta: tá SNSO/RO ag súil go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo.
  - Bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí an scoláire agus aiseolas ó bhéal a sholáthar maidir le toradh an mheasúnaithe, ag míniú na dtorthaí agus na n-impleachtaí.

- Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh ar na hábhair imní atá aitheanta ag na tuismitheoirí agus ag na múinteoirí agus go ndéanfar moltaí atá ábhartha, bainteach agus úsáideach.
- Tabhair do d'aire na 'Treoirlíne maidir le Scríobh Tuairiscí' a chuirtear ar fáil agus a n-iarrtar ar shíceolaithe iad a leanúint, lena dtoil. Déantar ceistneoir féinmhachnaimh i dtaca le scríobh tuairiscí a sholáthar freisin mar áis duit. Féadfar treoirlínte agus seicliostaí a leasú ó am go ham i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe rialta a dhéantar ar an scéim.
- Tuairisc shíceolaíochta a sholáthar, laistigh de mhí féilire amháin, ina mbeidh moltaí do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don scoil, ag cur san áireamh gur cheart go mbeadh stíl, ábhar agus formáid na tuairisce oiriúnach do na faighteoirí agus ag teacht le riachtanais SNSO sa réimse seo.
- Bunchóip d'Fhoirm 3 agus í comhlánaithe agus sínithe a chur faoi bhráid an phríomhoide, in éineacht le cóip den tuairisc mheasúnaithe. Ansin, deimhníonn an príomhoide gur cuireadh an obair i gcrích go hiomlán agus cuireann sé/sí iarratas ar íocaíocht chuig SNSO. Tabhair do d'aire, le do thoil, <u>nár cheart riamh</u> tuairiscí síceolaíochta ná doiciméid ar bith eile ina bhfuil eolas atá pearsanta do scoláire <u>a sheoladh go leictreonach</u> ná ar ríomhphost.
- Ba cheart nach ndéanfaí tuairiscí a chuirtear chuig SNSO a phriontáil ach ar thaobh <u>amháin</u> den leathanach (ní cúl le cúl)
- Ní mór go gcinnteodh síceolaithe agus príomhoidí scoile go bhfuil sonraí an scoláire ar an tuairisc a sholáthraítear i gcomhréir leis na sonraí a sholáthraítear ar Fhoirm 3.
- Ba cheart go gcuirfeadh síceolaithe ar phainéal SPCA SNSO ar an eolas nuair nach bhfuil siad ag glacadh a thuilleadh le horduithe faoin scéim, ionas go bhféadfar socruithe a dhéanamh chun fógra a thabhairt do scoileanna.
- Moltar go láidir go mbeadh Clúdach Slánaíochta Gairmiúla ag na síceolaithe go léir atá ar phainéal SCPA.

### Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime

Baineann na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas leis na síceolaithe go léir a dhéanann measúnuithe faoin scéim le linn scoilbhliain 23-24

- Ní mór measúnuithe SCPA a reáchtáil idir 1 Meán Fómhair 2023 agus 30 Meitheamh 2024.

- Níl ceaduithe SCPA bailí ach don bhliain ina n-eisítear iad agus ní fhéadfar iad a thabhairt ar aghaidh go dtí bliain nua.
- De ghnáth, déanfar ordú measúnuithe síceolaíochta ag scoileanna, faoin SCPA, a chomhaontú agus a shocrú i gcomhar leis an síceolaí de chuid SNSO a chuireann seirbhís ar fáil don scoil. I roinnt cásanna, d'fhéadfaí cead a thabhairt do scoileanna atá ag feitheamh ar shannadh shíceolaí SNSO nó a bhfuil an síceolaí atá sannta dóibh ar saoire, roinnt measúnuithe a ordú, ach cead a scríbhinn a bheith faighte ón Stiúrthóir Réigiúnach áitiúil de chuid SNSO.
- Ní mór go ndéanfadh an síceolaí a bhfuil a (h)ainm ar an bpainéal SCPA reatha agus a fuair ordú agus íocaíocht i leith an mheasúnaithe, an measúnú síceolaíochta aonair a chur i gcrích, ina iomláine agus go heisiach.
- Ní mór do shíceolaithe SPCA oibriú laistigh dá réimsí inniúlachta, coinneáil suas le forbairtí ábhartha agus polasaí RO a chomhlíonadh i gcónaí.
- Tá SNSO/RO ag súil go gcuirfear na measúnuithe síceolaíochta go léir i gcrích ar bhealach gairmiúil, le cúram agus dúthracht réasúnta agus go dtabharfar dóthain ama don scoláire agus ina theannta sin go rachfar i mbun comhairliúcháin le tuismitheoirí agus múinteoirí. Tá SNSO/RO ag súil go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo.
- Ní mór do shíceolaithe SCPA a gcuid ábhar tástála féin, atá oiriúnach agus cothrom le dáta, a sholáthar agus na costais eile a bheidh orthu a sheasamh as an táille don mheasúnú.
- Ní mór do shíceolaithe SCPA eolas a chur ar na ciorcláin agus ar na doiciméid a tháirgeann SNSO/RO agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ó am go ham agus a bhaineann le riachtanais speisialta oideachas. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RO – www.gov.ie agus ar shuíomh gréasáin CNOS – www.ncse.ie
- Seirbhís scoilbhunaithe is ea SCPA i gcónaí ina bhfuil sé riachtanach ábhair thástála a fheidhmiú i scoil an scoláire le linn uaireanta scoile. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann teilimheasúnuithe ná measúnuithe oifigbhunaithe scéim SCPA faoi láthair.
- Táthar ag súil go gcuirfidh na síceolaithe go léir ar an bpainéal líon nach mó ná 180 measúnú i gcrích i scoilbhliain agus líon nach lú ná trí mheasúnú gach bliain. Má chuireann síceolaí trí mheasúnú nó níos mó i gcrích i mbliain amháin, tabharfar cuireadh dó/di go huathoibríoch a bheith mar bhall den phainéal SCPA nua arís, don bhliain dár gcionn. Má chuireann síceolaí níos lú ná trí mheasúnú i gcrích agus más mian leis/léi a b(h)allraíocht SCPA a athnuachan, ba cheart dó/di scríobh chuig Bainisteoir SCPA, ag léiriú go soiléir an chaoi a bhféadfadh sé/sí cur leis an bpainéal SCPA nua agus déanfar an t-athnuachan a bhreithniú ansin ar an mbonn sin.
- Ní mór íocaíocht i leith measúnuithe a dhéantar faoin scéim a dhéanamh as cistí SCPA agus as na cistí sin amháin. Ní fhéadfaidh síceolaithe a ghlacann le horduithe faoin scéim íocaíocht a lorg ná glacadh le híocaíocht ó fhoinse ar bith eile i dtaca leis na horduithe sin agus beidh orthu a dheimhniú nach ndearna siad é sin, mar choinníoll a bhaineann le híocaíocht a fháil. Má lorgaítear íocaíocht nó má ghlactar le híocaíocht ó fhoinse ar bith eile maidir le measúnú faoin scéim, beidh sé sin mar fhoras chun an duine a bhaint de phainéal SCPA.
- Ní fhéadfar sonraí pearsanta an scoláire aonair, ar sonraí iad a bailíodh ar mhaithe le measúnú SCPA, a úsáid chun críche ar bith seachas reáchtáil mheasúnú SCPA.

## Táillí do Mheasúnuithe Síceolaíochta a Reáchtáiltear faoin Scéim

Ní ghearrtar aon táille ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ná ar scoileanna i leith measúnuithe a dhéantar faoin scéim.

Ón 22 Feabhra 2021 i leith, íocann SNSO €550.00 in aghaidh an mheasúnaithe le síceolaithe a reáchtálann measúnuithe síceolaíochta faoin scéim agus an íocaíocht sin faoi réir cáin shiarchoinneálach @20%. Mar thoradh air sin is glantáille de €440.57 atá i gceist. Beidh an síceolaí freagrach as aon cháin bhreise atá dlite a íoc. Cuimsíonn an íocaíocht sin na costais go léir (taisteal agus cothú san áireamh) a thabhaigh an síceolaí agus an measúnú á dhéanamh.

D'fhéadfaí síceolaithe a lorgaíonn íocaíocht bhreise ó thuismitheoirí/chaomhnóirí nó ó scoileanna i leith measúnuithe SCPA a bhaint den phainéal.

Nuair a fhaightear amach gur ghlac síceolaí le híocaíocht bhreise, ó thuismitheoir/chaomhnóir nó ó scoil, i dtaca le hobair a rinneadh faoin scéim, coimeádann SNSO/RO an ceart chucu féin an táille chaighdeánach a choinneáil siar ón síceolaí sin.

## An Nós Imeachta le haghaidh Íocaíochta faoin Scéim

Cuirfear tús leis an bpróiseas íocaíochta nuair a fhaigheann SNSO Foirm Dheimhnithe um Chríochnú Measúnaithe (Foirm 3) maidir leis an measúnú aonair, in éineacht le cóip den tuairisc shíceolaíochta.

Ní mór go mbeadh Foirm 3 comhlánaithe go hiomlán agus í sínithe ag an síceolaí agus ag príomhoide na scoile. Cuireann príomhoide na scoile an bundoiciméad (ní cóip de) chuig SNSO laistigh de thrí mhí féilire ó dháta an mheasúnaithe.

D'fhéadfaí íocaíocht a choinneáil siar nó a dhiúltú go dtí go mbíonn SNSO/RO sásta go bhfuil téarmaí agus coinníollacha na scéime comhlíonta.

Nuair atáthar sásta go bhfuil téarma agus coinníollacha na scéime comhlíonta go hiomlán, socróidh SNSO go ndéanfar íocaíocht go díreach leis an síceolaí.

## Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta

Tá sé de dhualgas ar SNSO beart um dhearbhú cáilíochta a chur i gcrích go bliantúil maidir le tuairiscí a chuirtear isteach faoi scéim SCPA. Is é atá i gceist leis sin ná go ndéanann grúpa beag de shíceolaithe SNSO athbhreithniú ar shampla de thuairiscí folaithe SPCA agus go gcomhlánaíonn siad ceistneoir um dhearbhú cáilíochta ar gach ceann acu. Tá an ceistneoir bunaithe ar an '**doiciméad Féinmhachnaimh maidir le Scríobh Tuairiscí SCPA',** ar doiciméad é a bhfuil eolas ag síceolaithe SCPA air cheana féin.

Baintear úsáid as aiseolas ar an gcéad dul síos chun bonn eolais a chur faoi leasuithe ar na treoirlínte. Ina theannta sin, cuirtear aon cheisteanna ar leith ar gá do SNSO d'aird a dhíriú orthu in iúl don phainéal ar ríomhphost. Má tá cáilíocht tuairisce ar bith mar ábhar imní, d'fhéadfadh SNSO teagmháil a dhéanamh leis an síceolaí aonair atá i gceist. Chun na críche sin, coimeádann SNSO an ceart aige féin rochtain a fháil ar phrótacail tástála agus ar dhoiciméid eile.

Nuair a dhéanann scoileanna nó tuismitheoirí gearáin le SNSO faoi shíceolaí, spreagann SNSO réiteach áitiúil ar an gcéad dul síos, i.e. idir príomhoide na scoile/an tuismitheoir agus an síceolaí. Nuair a theipeann ar iarrachtaí neamhfhoirmiúla na deacrachtaí a réiteach, féadfaidh gearánaigh Nós Imeachta Gearán RO a ghairm, ar féidir teacht air ach an nasc seo a leanas a leanúint

- DE Complaints Procedure

**Cúiseanna le Duine a Bhaint den Phainéal**

I measc na gcúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le síceolaí a bhaint den phainéal nó a chur ar fionraí (go dtí go mbeidh fiosrúchán déanta) tá siad seo a leanas:

- gan téarmaí agus coinníollacha na scéime a chomhlíonadh go hiomlán
- gan measúnú a reáchtáil ar bhealach gairmiúil, le cúram agus dúthracht réasúnta nó gan dóthain ama a thabhairt don scoláire agus/nó do chomhairliúcháin le múinteoirí/tuismitheoirí
- gabháil d'iompar atá faoi bhun an chaighdeáin iompair a mbeifí ag súil leis ó shíceolaí gairmiúil
- íocaíocht a lorg nó glacadh le híocaíocht ó fhoinse seachas an scéim maidir le measúnú a reáchtáladh faoin scéim
- gan an measúnú a reáchtáil go pearsanta ina iomláine (lena n-áirítear an tuairisc a scríobh agus aiseolas a sholáthar)
- eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar i dtuairisc shíceolaíochta nó ar Fhoirm 3
- eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar in iarratas chun áit a bhaint amach ar an bpainéal
- a bheith ciontaithe i gcion coiriúil a bhfuil téarma príosúnachta de bhliain amháin nó níos mó mar phionós ina leith
- iad féin a chur i láthair ar bhealach míchruinn nó míchuí, e.g. mar fhostaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- Mar thoradh ar líomhain maidir le mí-iompar tromchúiseach i gcoinne síceolaí ar phainéal SPCA, d'fhéadfaí an síceolaí sin a chur ar fionraí ón bpainéal nó go mbeidh fiosrúchán déanta faoin líomhain agus toradh an fhiosrúcháin sin ar fáil.

**Tuilleadh Eolais**

Ba cheart ceisteanna a chur chuig SNSO i scríbhinn, ar ríomhphost scpa@education.gov.ie nó ar an ngnáthphost chuig:

Bainisteoir SCPA
SNSO (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
An Roinn Oideachais
An Dara hUrlár, an Sciathán Thiar
Foirgneamh Herbert, an Pháirc
Carraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 18.
D18K 8Y4

Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar cheisteanna chomh luath agus is féidir.

Ba cheart déileáil le gearáin ag an bpointe seirbhíse, idir príomhoide na scoile agus an síceolaí. Nuair a theipeann ar iarrachtaí neamhfhoirmiúla na deacrachtaí a réiteach, féadfaidh gearánaigh Nós Imeachta Gearán RO a ghairm, ar féidir teacht air ach an nasc seo a leanas a leanúint

- Nós Imeachta Gearán RO

**Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) Séanadh Ginearálta**

- Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime faoi réir athbhreithniú leanúnach. D'fhéadfaí

iad a athrú nó a uasdátú ag am ar bith le fógra nó gan fógra ón Aire Oideachais.

- Ní clár síceolaithe é painéal SCPA. Níor cheart ballraíocht ar an bpainéal a mheascadh suas le hincháilitheacht maidir le clárúchán reachtúil síceolaithe.
- Nuair a ghlactar le síceolaí mar bhall den phainéal, níl RO ag déanamh socrú conarthach ar bith leis an síceolaí. Ní fostaithe de chuid SNSO/RO iad síceolaithe SCPA.
- Ní bhronnann ballraíocht ar phainéal SCPA aon chearta ar leith ar shíceolaithe agus ní sholáthraíonn sé aon dearbhú go bhfaighidh an síceolaí ordú chun tástálacha síceolaíochta a reáchtáil i scoileanna.
- In aon bhliain ar leith, mura sonraítear a mhalairt, níl ballraíocht ar an bpainéal bailí ach amháin ó dháta an cheapacháin go dtí deireadh na scoilbhliana sin.
- Coimeádann SNSO/RO an ceart acu féin síceolaí a bhaint den phainéal ag am ar bith. Féadfaidh an tAire Oideachais an scéim a scor ag am ar bith.
- Ní comhlacht smachta do shíceolaithe atá in SNSO/RO. Baineann ábhair mar sin ó cheart le comhlacht gairmiúil an tsíceolaí.

**Naisc**

**SCPA –Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú**

**Treoirlínte agus Doiciméid Ábhartha**

**https://www.gov.ie/en/service/5ef45c-neps/**

**Nós Imeachta Gearán RO**

https://www.gov.ie/pdf/71632/?page=null

**Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí**

https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/

**An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) Acmhainní agus Foilseacháin:**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Deacrachtaí Iompraíochta, Sóisialta agus Mothúchánacha (Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna):**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Acmhainní Litearthachta:**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Treoirlínte do Bhunscoileanna maidir le Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge**

https://www.gov.ie/en/publication/7028e-exemptions-from-the-study-of-irish-guidelines-for-primary-schools/

Cumann Síceolaíochta Éireann. (201). *Treoirlínte PSI – Rúndacht agus Coimeád Taifead sa Chleachtas.* Baile Átha Cliath: Údar.

https://www.psychologicalsociety.ie/footer/Guidelines-Policies--Papers

Cumann Síceolaíochta Éireann. (2011). *Cód Eitice Gairmiúla.* Baile Átha Cliath: Údar.

https://www.psychologicalsociety.ie/Article/Code-of-Ethics-1